

Rath fá chroidhe chumas Dia

[Carney, James: *Poems on the Butlers: of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)*, Dublin, 1945, poem 9]

Domhnall Mac An Bhaird

1 Rath fá chroidhe chumus Dia,  
ós é a bhreitheamh Mac Mairia,  
dá gach aon don uile fhear,  
saor na cruinne dá ccreidtear.

2 Do-chíthear dó a-nuas do nimh -  
ós cuid d'fheartaibh Dé dhúiligh -  
méin gach duini d'fhuil Eabha,  
's do-chluin uile a n-airdheana.

3 Ós aige as fearr fios na sgél  
maith ronnus Dia ar a dheibhlén,  
nach fuil fáth doghuilsi dhe,  
bláth an domhain-si dhúinne.

4 Ní hionann dáiltear dhó sin  
ní is d'fhior an chroidhe chaithmhigh,  
don tí as aigeanta a n-ucht áigh  
's do lucht chaigealta an chonáigh.

5 Gibé do-bhéradh a chrodh  
's a fhagháil dó mar dubhradh,  
a luagh d'aonduine ní fhuil  
do shluagh caomMuighe Criomhthain.

6 Ní fhuigheadh acht an tí a-tá  
'na fhior oinigh gach aon-lá,  
neach gan díoth éinfhir eile,  
Críoch Éibhir dá n-imthighe.

7 Ní thiochradh uaidh d'iomad slóigh  
's ní thaidheóladh taom d'égóir,  
fonn sáimh as míne muighe,  
ar ríge Cláir Conaire.

8 A neart bhós do bheith do shíor  
ní hiongnadh d'fhior a dheighníomh,  
an crann do uaisligh a fhiodh  
tar uaislibh Gall is Ghaoidheal.

9 An té ara ndoirtfeadh Dia a rath  
deacair nach dó bhus baoghlach -  
glór é lér fíoradh gach fáidh -

muna dhíoladh é d'fhagháil.

10 Ós dó bheanus bríogh na sgéal,  
do thiodhluic Teabóid Builtér -  
gníomh é dob oirdhearca d'fhior -  
toirbhearta Dé mar dlighthear.

11 Dearbh nár chuir acht mar budh cáir  
a bhfuair do dhuille an domhnáin,  
teisd cáich nach iongantach air  
fá Ráith bhfionnacrach bhFiachaidh.

12 Ní chuirfe cuid an ollaimh  
a n-ainbhfeas le hanorraidh -  
gruadh gheal nach gébha donnadh -  
's ní fear éra anorradh.

13 Ní thiobhradh - do theisd aoinfhir! -  
ar grádh nó ar glóir dhíomhaoinigh,  
fear gan annsa ar ní fá nimh,  
gidh í an almsa nó a haithghin.

14 Cuma leis ó ló a mbronnta  
eachtra na séd saoghalta,  
gé fuair crodh mar budh cubhaidh,  
a dhol uaidh nó a anamhain.

15 Oighre Piaruis na bport nglan  
tnúth ris ag ríoghraidh Mumhan,  
eite lúidh Gaoidheal is Ghall,  
tnúidh re haoinfhear ní fhóbrann.

16 Díol tnútha mar táthar faoi  
gibé bheas cor an chaomhlaoi  
láimh re Súir bhfíonmhair bhfleadhaigh  
don chlúimh fhíorghlain fhoithreamhail.

17 Foghar beach a mbarraibh fiodh,  
foghar énlaithe is oireamh,  
cuan sídh as míne muighe,  
ríghe mar Thír Tarrngaire.

18 Mu chin triath gá ttarla sin;  
geall gach muighe ag Magh Feimhin;  
tar chrích oile d'fhiadh Mumhan  
mian le croidhe a chuartughadh.

9 Gé lán súl amharc an fhuinn  
's toirthi meince an fhóid álainn,  
ní thug Dia a dháil acht d'aoinfhear;

cia ara cáir a chomhmaoidheamh?

20 Deimhin riamh nár bhris a bhóid,  
luach a chroidhe a-tá ag Teabóid;  
mar tá an chríoch ainglidhi fhionn  
fríoth a tairngire ón Táilgeann.

21 Gan fhuath an fhir d’ar-oile,  
gan chogadh, gan chorraighe,  
as beith lán d’aoibhneas uile,  
clár na ccaoimhlíos ccumhraidhe.

22 Gach aoinfhear mar as áil leis  
a-tá re linn a fhlaithéis;  
fál re ngroighibh, gart deighshíl  
ó smacht oighir Aibhilín.

23 Trí baramhla bheanus ris  
do-bhér uaim, ní hiúl ainbhfis;  
nír thuill sé a ghruaidh do ghoradh  
mar fuair mé re a mheabhruhghadh.

24 Lá do bhí Pádraig Puirt Breagh  
d’Oisín mhac Fhinn fhuair áireamh  
ag súr sgél, nárbh iongnadh air,  
fá a thrén ar fionnMhagh bhFiachaidh.

25 “Trí hadhbhair innisim duid,”  
ar Oisín ann re Pádrúig,  
“anáir ós cionn a ccluine  
nárbh fhaláir d’Fhionn Almhuine.”

26 Briathra an mheic-sin fa mac d’Fhionn  
sloinnidh ar tús don Táilgeann,  
nachar éar duine ar domhan  
prémh an uile ealadhan.

27 Cruas a chroidhe ag cor chatha  
cuid d’obair an ardfhlatha,  
lér ghnáth doilghi an uilc d’fhagháil  
a gcoinne Phuirt Pharthaláin.

28 Dearbh gémadh í an bhriathar bheag  
nach brisfeadh í ná a hoiread -  
clú an ríogh re meas ar marthuín -  
an treas gníomh dá ghníomharthaibh.

29 Na trí hadhbhair fá n-uair rath  
mac Cumhuill, croidhe seasmhach -  
tearc iath a iomachair sin -

ag triath fhionn Achaidh Fheimhin.

30 Ní hiongnadh d'fhior a chridhe  
gach maith leis dá luaidhfidhe -  
slat chnuasaigh do chuaidh ós choill -  
do bhuail fán ua-soin Émoinn.

31 Gé labhrus a lán orra  
ar grádh na séd saoghalla,  
tnúth dá dtaoibh ní éirigh ann,  
ar mhaoin éinfhir ní fhógrann.

32 Gnúis chéillidh an chrotha caoimh  
ní thug, ní thiobhra tathaoir  
le tnúidh le haoinfhear eile,  
súil gach aoigheadh d'áiridhe.

33 Ní tearc gá bhfuil fios na sgél  
mar tá tír Teabóid Builtér;  
luach a dhaighríghe as sé soin,  
an té as ainmhíne a n-iorghuil.

34 Don té nár iarr, nár ob cath,  
cosmhail nach fuil Dia diomdhach,  
ós é as oirdhearca a cceann cáigh  
's na toirbhearta as fhearr d'fhagháil.

35 Tugadh dó bhós dár mbreithni  
rath caithmhe agus cruinnighthi,  
rath caoimhchéilli iona cheann sin,  
aoinchéile as fhearr ag éigsibh.

36 Le tnúth muna tighear ris  
cosmhail re linn a fhlaithis  
gibé rabh ar tí a thíre  
gur an sí 'na sáimhríghe.

37 Dom aithni ní hiongnadh sin  
- d'oighre Phiaruis phuirt Chaisil,  
fear céillidh nár clódh a ccath,  
mór do éirigh dá aonrath. R.

38 Máire Ciomhsóg, cruth faoilidh,  
bean fhóireas ar andaoinibh;  
gnúis daghnuaidhe ós cách is corr  
a ttráth anbhuaine d'fhulang.

39 Gruadh geal ar gné na suibhe  
as luaithe ag cor corrthuire,  
gnúis mhaordha nach mall cceirde,

as aobhdha a n-am fhírfheirge.